Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12084/22**
**ADD 1**

**RECH 484**
**COASI 140**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9566/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Nua-Shéalainn chun comhaontú a thabhairt i gcrích maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Nua-Shéalainne le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)<br>- Glacadh<br>= Ráiteas ón gCoimisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an ráiteas thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**CINNEADH ÓN GCOMHAIRLE LENA N-ÚDARAÍTEAR TÚS A CHUR LEIS AN GCAIBIDLÍOCHT CHUN COMHAONTÚ A THABHAIRT I GCRÍCH LEIS AN NUA-SHÉALAINN MAIDIR LENA RANNPHÁIRTÍOCHT I GCLÁIR AN AONTAIS AGUS MAIDIR LENA CHOMHLACHAS LE FÍS EORPACH**

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Meabhraíonn an Coimisiún a cheart tionscnaimh a mhéid a bhaineann leis an togra tosaigh maidir le comhaontú idirnáisiúnta. Déantar na cinntí sin ar bhonn cás ar chás agus aird á tabhairt ar fhiúntas an chaidrimh dhéthaobhaigh atá i gceist agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i bhforálacha ábhartha an Chonartha (Airteagal 218 CFAE). Agus an méid sin á dhéanamh aige, tá urraim á tabhairt ag an gCoimisiún do shainphribhléidí na n institiúidí uile atá rannpháirteach sa nós imeachta um chomhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha agus tá sé ag gníomhú go hiomlán i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis agus na trédhearcachta idir na hinstitiúidí.